



Chuig Boird Bhainistíochta agus Príomhoidí, Foireann Teagaisc Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin BOOanna.

Curaclam Matamaitice na Bunscoile do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta

Tacaíocht agus Feidhmiú

Clár na nÁbhar

1. <i>Curaclam Matamaitice na Bunscoile – Réamhrá</i>	1
2. Tacaíocht.....	3
3. Dúnadh Scoileanna.....	6
4. Tabhairt isteach agus Feidhmiú	7
5. Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim	8
6. Tuilleadh Eolais.....	8
7. Aguisín 1: <i>Curaclam Matamaitice na Bunscoile Creat FGL</i>	10

1. *Curaclam Matamaitice na Bunscoile – Réamhrá*

Le tabhairt isteach *Churaclam Matamaitice na Bunscoile* nua, baineadh sprioc thábhachtach amach maidir le forbairt leanúnacha an churaclaim do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta, a bhfuil mórán de ar an bhfód le breis agus 20 bliain. Tá *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* ar fáil ar líne anois ag www.curriculumonline.ie/Primary.

Tá *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* ag teacht go hiomlán leis an bhfís, leis na prionsabail agus leis na ráitis ar fhoghlaim, teagasc agus measúnú i *gCreatchuraclam na Bunscoile*, a sheol an tAire Norma Foley TD níos luaithe i mbliana.

Soláthraíonn *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* eispéireas foghlama atá tarraingteach, spráúil agus ionchuimsitheach do dhaltaí, ina ndírítear ar “Conas” agus “Céard” fhoghlaim na matamaitice. Agus iad fréamhaithe sa taighde comhaimseartha, déantar cúig cinn de chleachtais oideolaíocha a shainaithint, ar cleachtais iad atá lárnach maidir le heispéiris mhatamaitice ar ardchaighdeán a sholáthar. Is iad seo a leanas na cleachtais sin:

- Meon táirgiúil a chothú
- Béim a leagan ar shamhaltú matamaiticiúil
- Úsáid a bhaint as tascanna atá dúshlánach ó thaobh na cognaíochta de
- Caint Mhatamaiticiúil a chur chun cinn
- Úsáid a bhaint as measúnú foirmitheach

Cruthaíonn na cleachtais sin timpeallacht ina mbíonn daltaí rannpháirteach i bpróisis foghlama atá fóna agus a shaibhríonn iad, atá saincheaptha chun a riachtanais agus a n-ábhair spéise aonair a shásamh agus a chothaíonn muinín agus inniúlacht sa Mhatamaitic.

Aithnítear sa churaclam go bhfuil an Mhatamaitic bunúsach maidir lenár dtuiscint ar an domhan agus tosaíonn turas matamaiticiúil an linbh ón am a dtagann sé nó sí ar an saol agus forbraíonn sé tríd an luath-óige agus tríd an oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile. Féachtar ar gach leanbh mar leanbh atá matamaiticiúil ó nádúr agus a bhfuil ar a c(h)umas coincheapa matamaiticiúla a fhorbairt thar thréimhse ama. Sa churaclam, spreagtar smaoineamh matamaiticiúil agus réiteach fadhbanna, leagtar béim ar chomhoibriú, cumarsáid agus bealaí iomadúla chun nithe a léiriú. Léirítear an Mhatamaitic mar uirlis chun an saol laethúil a thuiscint agus bealach a dhéanamh tríd agus ina ndéantar daltaí a chumasú le scileanna um rannpháirtíocht chriticiúil. Ina theannta sin, díritear aird sa churaclam ar áilleacht na Matamaitice agus cuirtear inniúchadh, cruthaitheacht agus nuálaíocht chun cinn.

I *gCuraclam Matamaitice na Bunscoile*, cuirtear an réasúnaíocht, na haidhmeanna, na snáitheanna agus na gnéithe i láthair, chomh maith leis na Torthaí Foghlama a chuirfidh bonn eolais faoi fhoghlaim, faoi theagasc agus faoi mheasúnú na Matamaitice i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta sna blianta seo amach romhainn. Soláthraíonn sé freisin treoir maidir leis an gcuraclam agus é á fheidhmiú. Soláthraítear réimse tacaíochtaí i bhfoireann uirlisí, a foilsíodh in éineacht leis an gcuraclam, chun an curaclam a fheidhmiú, amhail coincheapa matamaiticiúla, contanaim um dhul chun cinn, ábhair

thacaíochta agus samplaí d'fhoghlaim leanaí. Déanfar an fhoireann uirlisí a uasdátú go rialta sna blianta seo amach romhainn.

Déanfaidh ceannairí scoile agus múinteoirí iniúchadh ar an gcuraclam nua agus cuirfidh siad eolas air le linn scoilbhliain 2023/2024 agus oibreoidh siad i dtreo fheidhmiú an churaclaim ó Chéimeanna 1 - 4 (naíonáin shóisearacha go dtí rang a sé) ó mhí Mheán Fómhair 2024.

Déanfar cóip chrua den churaclam do gach ceannaire agus múinteoir scoile a sheachadadh chuig scoileanna sna seachtainí seo amach romhainn.

2. Tacaíocht

Chun tacú le rannpháirtíocht, comhoibriú agus foghlaim ghairmiúil ceannairí agus múinteoirí scoile de réir mar a chuireann siad eolas ar *Churaclam Matamaitice na Bunscoile* agus de réir mar a fheidhmíonn siad é, soláthróidh an Roinn, in éineacht le Oide agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) sraith de thacaíochtaí forbartha gairmiúla ar ardchaighdeán.

Cuirfidh Oide réimse cuimsitheach tacaíochtaí aghaidh ar aghaidh agus ar líne ar fáil chun *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* a chur i láthair, a fheidhmiú agus a leabú thar chreat forleathan d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ina mbeidh trí chéim. I gcás scoileanna speisialta, cuirfidh foireann Churaclam Bunscoile CNOS an tsraith chuimsitheach tacaíochta sin ar fáil.

Tá leagan achoimrithe den eolas a bhfuil breac-chuntas air thíos ar fáil san Aguisín, más mian leat é a chur i gcló i gcomhair tagartha nó é a chur ar taispeáint i do scoil.

Céim 1

Laistigh den chéad chéim (2023-2024) beidh siad seo a leanas san áireamh sna tacaíochtaí:

- **Físeán Eolais:** Sa chur i láthair gearr seo ar líne, cuirfear *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* i láthair na mbunscoileanna agus na scoileanna speisialta go léir agus soláthrófar forléargas ar an gcreat FGL.
- **Seimineár do cheannairí scoile agus curaclaim** (Meán Fómhair – Deireadh Fómhair 2023): Sa seimineár aghaidh ar aghaidh seo a mhairfidh ar feadh lá iomlán, cuirfear *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* i láthair na gceannairí bunscoile agus scoileanna speisialta go léir, chomh maith le ceannaire curaclaim ainmnithe i leith gach scoile agus

tabharfar forléargas ar na tacaíochtaí FGL atá ar fáil. Beidh an seimineár sin á éascú ag ceannaire foghlama gairmiúla ó Oide i gcás bunscoileanna, nó ag CNOS i gcás scoileanna speisialta.

- **Imeachtaí Comhoibríocha ar líne do cheannairí scoile agus curaclaim** (Samhain 2023 – Meitheamh 2024): Beidh na pobail tacaíochta ar líne sin á dtreorú ag ceannaire foghlama gairmiúla de chuid Oide, i gcás bunscoileanna, nó ag comhairleoir curaclaim bunscoile de chuid CNOS, i gcás scoileanna speisialta.
- **Lá dúnta scoile** (Samhain 2023 – Meitheamh 2024): Déanfar dáta a shannadh do na bunscoileanna go léir chun oibriú le ceannaire foghlama gairmiúla de chuid Oide chun iniúchadh a dhéanamh ar *Churaclam Matamaitice na Bunscoile*. Déanfar scoileanna beaga agus meánmhéide a chnuasach le chéile don lá sin lasmuigh den suíomh agus beidh an tacaíocht á fáil ag scoileanna móra ar an suíomh. I gcás scoileanna speisialta, déanfaidh comhairleoir curaclaim bunscoile de chuid CNOS lá dúnta scoile a shannadh agus a éascú.
- **Clinicí ar líne** (Eanáir 2024 – Bealtaine 2024): Cuirfear rochtain rialta ar cheannaire foghlama gairmiúla de chuid Oide, nó ar chomhairleoir curaclaim bunscoile de chuid CNOS, ar fáil do cheannairí scoile agus curaclaim, chun ceisteanna ar bith a fhreagairt de réir mar a thosaíonn bunscoileanna agus scoileanna speisialta ag tabhairt isteach *Churaclam Matamaitice na Bunscoile*.
- **Sraith ceardlann ar líne de chuid Muinín** (Eanáir 2024 – Meitheamh 2024): Sa tsraith seo de cheardlanna roghnacha ar líne do mhúinteoirí, déanfar iniúchadh ar na cúig shnáithe de *Churaclam Matamaitice na Bunscoile*. Déanfar na múinteoirí a bheidh rannpháirteach a ghrúpáil do na ceardlanna sin ag brath ar na ranganna / céimeanna atá á dteagasc acu. Déanfaidh ceannaire foghlama gairmiúla de chuid Oide an tsraith ceardlann sin a éascú.
- **Mol foghlama ar líne de chuid Oide:** Cuirfear stór acmhainní ar fáil ó thús na scoilbhliana chun tacú le múinteoirí agus le ceannairí scoile gnéithe de *Churaclam Matamaitice na Bunscoile* a iniúchadh agus déanfar tuilleadh forbartha orthu le linn na bliana mar fhreagairt do riachtanais scoileanna agus múinteoirí.
- **Ábhar tacaíochta sa bhreis:** Chomh maith leis sin, déanfar gníomhaíochtaí FGL a dhearadh agus a chur ar fáil tríd an mol foghlama ar líne de chuid Oide chun cabhrú le scoileanna agus le ceannairí curaclaim *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* a chur i láthair laistigh de chomhthéacs a scoile féin. Cuirfear nasc ar fáil freisin chuig tacaíochtaí iomchuí CNOS.

Céim 2

Laistigh den dara céim (2024-2025), beidh siad seo a leanas san áireamh sna tacaíochtaí:

- **Imeachtaí Comhoibríocha ar líne do cheannairí scoile agus curaclaim** (Deireadh Fómhair 2024 – Bealtaine 2025): Beidh na pobail tacaíochta ar líne sin á dtreorú ag ceannaire foghlama gairmiúla de chuid Oide, i gcás bunscoileanna, nó ag comhairleoir curaclaim bunscoile de chuid CNOS, i gcás scoileanna speisialta.
- **Tacaíochtaí breise atá dírithe ar chéimeanna (Ar fáil tríd an mol foghlama ar líne de chuid Oide)** (Meán Fómhair 2024 – Bealtaine 2025): Is é a bheidh ansin ná sraith gníomhaíochtaí a dhear Oide agus atá ar fáil do gach ball foirne ar an mol foghlama ar líne.
- **Clinicí do cheannairí scoile, curaclaim agus céime** (Samhain 2024 – Bealtaine 2025): Beidh na clinicí roghnacha sin ar líne á n-éascú ag ceannaire foghlama gairmiúla de chuid Oide agus beidh siad ar fáil do scoileanna a fhéadfaidh ceannaire céime nó curaclaim a ainmniú chun cabhrú le feidhmiú *Churaclam Matamaitice na Bunscoile* ina gcuid scoileanna.
- **An dara lá dúnta scoile** (Deireadh Fómhair 2024 – Bealtaine 2025): Déanfar dáta a shannadh do na bunscoileanna go léir chun oibriú le ceannaire foghlama gairmiúla de chuid Oide chun iniúchadh a dhéanamh ar *Churaclam Matamaitice na Bunscoile*. Déanfar scoileanna beaga agus meánmhéide a chnuasach le chéile don lá sin taobh amuigh den suíomh agus beidh an tacaíocht á fáil ag scoileanna móra ar an suíomh. I gcás scoileanna speisialta, déanfaidh comhairleoir curaclaim bunscoile de chuid CNOS lá dúnta scoile a shannadh agus a éascú.
- **Sraith ceardlann ar líne de chuid Muinín** (Samhain 2024 – Bealtaine 2025): Sa tsraith seo de cheardlanna roghnacha ar líne do mhúinteoirí, déanfar iniúchadh ar na cúig shnáithe de *Churaclam Matamaitice na Bunscoile*. Déanfar na múinteoirí a bheidh rannpháirteach iontu a ghrúpáil de réir a leibhéal ranga / gcéime. Déanfaidh ceannaire foghlama gairmiúla de chuid Oide an tsraith ceardlann sin a éascú.
- **Mol foghlama ar líne de chuid Oide:** Leanfar de stór acmhainní a chur ar fáil chun tacú le múinteoirí agus le ceannairí scoile gnéithe de *Churaclam Matamaitice na Bunscoile* a iniúchadh agus cuirfear leo de réir mar is gá.

Céim 3

Laistigh den tríú céim (2025-ar aghaidh) beidh siad seo a leanas san áireamh sna tacaíochtaí:

- **Tacaíocht ionscoile shaincheaptha:** Soláthróidh ceannaire foghlama gairmiúla de chuid Oide tacaíocht shaincheaptha ionscoile ar an láthair chun leanúint ag leabú *Churaclam Matamaitice na Bunscoile*. Beidh sí sin ar fáil ar iarratas ó scoileanna agus eiseoidh Oide mionsonraí faoin gcaoi le hiarratas a dhéanamh níos gaire don am.
- **Imeachtaí Comhoibríocha (ar líne agus aghaidh ar aghaidh):** Is iad na scoileanna féin a stiúrfaidh na himeachtaí comhoibríocha sin chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'fheidhmiú *Churaclam Matamaitice na Bunscoile*. I ndiaidh páirt a ghlacadh in imeachtaí comhoibríocha a bhí á dtreorú ag Oide/CNOS sa dá chéim roimhe seo, tá sé de rogha ag scoileanna leanúint ar aghaidh ag bualadh le chéile go neamhspleách chun a gcleachtas a roinnt i dtaca le leabú *Churaclam Matamaitice na Bunscoile*.
- **Sraith ceardlann ar líne de chuid Muinín:** Beidh an tsraith ceardlann ar líne de chuid Muinín á cur ar fáil fós ag Oide do mhúinteoirí ag gach leibhéal ranga.
- **Mol foghlama ar líne:** Leanfar de bheith ag soláthar stór acmhainní chun tacú le múinteoirí agus le ceannairí scoile maidir le gnéithe de *Churaclam Matamaitice na Bunscoile* a iniúchadh agus cuirfear leo de réir mar is gá.

3. Dúnadh Scoileanna

Tuigeann an Roinn an gá atá le cur chuige scoile uile maidir le tabhairt isteach athruithe ar chleachtas a mbeidh fíorthionchar acu ar fhoghlaim daltaí. Tá am agus tacaíocht de dhíth chun rannpháirtíocht iomlán agus réamhphleanáil gníomhaíochtaí ag scoileanna a chinntiú maidir le *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* a thabhairt isteach. Dá bhrí sin, féadfaidh scoileanna leas a bhaint astu seo a leanas:-

Dúnadh don scoilbhliain 2023/2024

Déanfar dáta ó mhí na Samhna 2023 - mí an Mheithimh 2024 a shannadh do gach scoil chun *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* a iniúchadh le ceannaire foghlama gairmiúla de chuid Oide i gcás bunscoileanna agus le comhairleoir curaclaim bunscoile de chuid CNOS i gcás scoileanna speisialta.

Dúnadh don scoilbhliain 2024/25

Déanfar dáta ó mhí Dheireadh Fómhair 2024 - mí na Bealtaine 2024 a shannadh do scoileanna chun *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* a iniúchadh le ceannaire foghlama gairmiúla de chuid Oide i gcás bunscoileanna agus le comhairleoir curaclaim bunscoile de chuid CNOS i gcás scoileanna speisialta.

4. Tabhairt isteach agus Feidhmiú

Sa scoilbhliain 2023/2024, táthar ag súil go ndéanfaidh múinteoirí i ngach scoil na nithe seo leanas:

- Eolas iomlán a chur ar réasúnaíocht, aidhmeanna, snáitheanna, gnéithe, Torthaí Foghlama agus smaointe móra *Churaclam Matamaitice na Bunscoile*.
- Iniúchadh a dhéanamh ar Chaibidil 6 de dhoiciméid an churaclaim, ina ndéantar cur síos ar na gnéithe bunúsacha a bhaineann le foghlaim leanaí agus na cleachtais oideolaíocha chomhfhreagracha a thacaíonn leis an bhfoghlaim agus a chuireann léi.
- A bheith rannpháirteach ar leibhéal scoile uile maidir le *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* a iniúchadh, a phlé agus machnamh a dhéanamh air sa chomhthéacs ar leith a bhaineann lena scoil féin.
- Eolas a chur ar an réimse tacaíochtaí i bhFoireann Uirlisí Mhatamaitic na Bunscoile, atá ar fáil ag www.curriculumonline.ie/Primary
- Freastal ar an FGL atá á éascú ag Oide agus/nó ag CNOS.

Táthar ag súil go ndéanfaidh foirne ceannaireachta scoile na nithe seo a leanas chun tacú le múinteoirí agus iad ag cur eolais ar *Churaclam Matamaitice na Bunscoile*:

- Freastal ar sheimineár do cheannairí scoile agus curaclaim i mí Mheán Fómhair/ Dheireadh Fómhair 2023 in éineacht le ceannaire curaclaim ainmnithe in aghaidh na scoile. Cuirfear *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* i láthair ag an seimineár agus tabharfar forléargas ar na tacaíochtaí FGL atá ar fáil.
- Ceannaireacht a ghlacadh ar thabhairt isteach *Churaclam Matamaitice na Bunscoile* laistigh dá scoileanna féin agus plé foirne agus machnamh i gcomhar scoile uile a éascú lena chinntiú go ndéantar *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* a fheidhmiú go céimniúil.
- A bheith rannpháirteach in imeachtaí comhoibríocha ar líne do cheannairí scoile agus curaclaim.
- Múinteoirí a spreagadh chun a bheith rannpháirteach sa tsraith ceardlann ar líne de chuid Muinín chun iniúchadh a dhéanamh ar na cúig shnáithe de *Churaclam Matamaitice na Bunscoile*.
- Múinteoirí a spreagadh chun a bheith rannpháirteach sa mhol foghlama ar líne de chuid Oide.
- Cruinnithe foirne/uaireanta Pháirc an Chrócaigh a úsáid chun an fhoireann uile a spreagadh le bheith rannpháirteach leis an ábhar breise tacaíochta do *Churaclam Matamaitice na Bunscoile* atá ar fail ar an mol foghlama ar líne de chuid Oide.

- A bheith rannpháirteach le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le tabhairt isteach *Churaclam Matamaitice na Bunscoile* agus míniú a thabhairt ar a bhfuil i gceist ann maidir le heispéiris foghlama a gcuid leanaí agus maidir le dúnadh scoileanna do FGL na foirne.

5. Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim

In 2021, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais *Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim - Treoir do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta*. Tugann an treoir tacaíocht do mhúinteoirí i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta ina gcuid ullmhúcháin don teagasc agus don fhoghlaim ar fud *Churaclam na Bunscoile 1999* agus maidir le sonraíochtaí curaclaim ó shin i leith. Is mar phróiseas leanúnach is fearr a thuigtear ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim, ar próiseas é a dtagann forbairt air de réir mar a thagann eolas chun cinn ar bhonn leanúnach faoi leanaí, a gcuid riachtanas, a n-ábhair spéise agus a n-inniúlachtaí. Cuimsíonn sé ullmhúchán dofheicthe, infheicthe agus taifeadta. Tá na trí cinn comhlántach agus riachtanach chun tacú le soláthar eispéireas foghlama atá oiriúnach do gach leanbh.

Forbraíodh an treoir seo i gcomhar le scoileanna agus múinteoirí, CNCM agus na seirbhísí tacaíochta iomchuí. Sa treoir, tugtar aitheantas do mhúinteoirí mar ghairmithe díograiseacha, oilte a fheidhmíonn a gcuid gníomhaíochta trí chinntí a dhéanamh maidir leis an ábhar a fhoghlaimíonn leanaí, an t-ord ina bhfoghlaimíonn siad agus na heispéiris trína bhfoghlaimíonn siad. Tá sé mar aidhm aici tacaíocht a thabhairt do gach múinteoir agus ceannaire scoile trí thuiscint athnuaite a sholáthar i dtaca leis an mbealach a léirítear pleanáil agus ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim sa seomra ranga.

6. Tuilleadh Eolais

Is féidir tuilleadh eolais a fháil trí na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

www.gov.ie/ga/

www.NCCA.ie

www.curriculumonline.ie

www.oide.ie

www.ncse.ie

Evelyn O'Connor

Evelyn O'Connor

Príomhoifigeach – an tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta

An Roinn Oideachais
Department of Education

7 Meán Fómhair 2023



7. Aguisín 1: *Curaclam Matamaitice na Bunscoile Creat FGL*

Céim 1 (2023- 24)	Céim 2 (2024- 25)	Céim 3 (2025 – agus ina dhiaidh sin)
Réamhrá	Feidhmiú	Leabú
Físeán Eolais		
Seimineár do Cheannairí Scoile agus Curaclaim <i>(Meán-Fómh -Deireadh Fómh, áirithint ar líne ag teastáil)</i>		
Imeachtaí Comhoibríocha do Cheannairí Scoile agus Curaclaim: Faoi threoir Oide/CNOS <i>(Samh-Meitheamh, déanfar dátaí a shannadh)</i>	Imeachtaí Comhoibríocha do Cheannairí Scoile agus Curaclaim: Faoi threoir Oide/CNOS <i>(D.Fómh-Bealtaine, déanfar dátaí a shannadh)</i>	Imeachtaí Comhoibríocha do Cheannairí Scoile agus Curaclaim: Faoi threoir na scoile
Lá Dúnta Scoile 1: Déanfar scoileanna beaga agus meánmhéide a chnuasach lasmuigh den suíomh <i>(Samhain-Meitheamh, déanfar dátaí a shannadh)</i>	Lá Dúnta Scoile 2: Déanfar scoileanna beaga agus meánmhéide a chnuasach taobh amuigh den suíomh <i>(D.Fómh-Bealtaine, déanfar dátaí a shannadh)</i>	Tacaíocht ionscoile (ar iarratas)
Clinicí ar Líne do Cheannairí Scoile agus Curaclaim <i>(Ean- Bealtaine, déanfar dátaí a shannadh)</i>	Clinicí ar Líne do Cheannairí Scoile, Curaclaim agus Céime <i>(Samh- Bealtaine, déanfar dátaí a shannadh)</i>	
Sraith Ceardlann ar Líne de chuid Muinín	Sraith Ceardlann ar Líne de chuid Muinín	Sraith Ceardlann ar Líne de chuid Muinín

<i>(Ean- Meitheamh, déanfar imeachtaí a fhógairt)</i>	<i>(Samh- Bealtaine, déanfar imeachtaí a fhógairt)</i>	<i>(Samh- Bealtaine, déanfar imeachtaí a fhógairt)</i>
Mol Foghlama ar Líne de chuid Oide <i>(Ar fáil ar feadh na bliana)</i>	Mol Foghlama ar Líne de chuid Oide <i>(Ar fáil le linn na bliana)</i>	Mol Foghlama ar Líne de chuid Oide <i>(Ar fáil tríd an mol foghlama ar líne de chuid Oide ar feadh na bliana)</i>
Ábhair Thacaíochta sa Bhreis <i>(Ar fáil tríd an mol foghlama ar líne de chuid Oide ar feadh na bliana)</i>	Tacaíochtaí atá Dírithe ar Chéimeanna <i>(Ar fáil tríd an mol foghlama ar líne de chuid Oide ar feadh na bliana)</i>	